



Údarás na
Gaeltachta

Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí

Leagan:	Athruithe ón moladh deiridh:	Dáta ar glacadh leis:
1.0	Doiciméad nua é seo mar chomhlíonadh ar an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú.	08/04/2024



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár

A ÚDARÁS NA GAELTACHTA

1	Fúinn	3
2	Ráiteas Mísín	4
3	Custaiméirí	5
3	Cad is Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ann?	5

B AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

1	Caighdeáin Seirbhíse Ardchaighdeáin	6
2	Comhionannas & Éagsúlacht	7
3	Rochtain Fhisiciúil	8
4	Faisnéis	9
5	Poncúlacht & Cúirtéis	10
6	Gearáin	11
7	Achomhairc	12
8	Comhairliúchán & Meastóireacht	12
9	Rogha	13
10	Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla	13
11	Comhordú Níos Fearr	14
12	Custaiméirí Inmheánacha	14

C Tuilleadh Eolais 15

A Údarás na Gaeltachta

Fúinn

Is é Údarás na Gaeltachta, a bunaíodh i 1980, an t-údarás forbartha réigiúnaí atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt theangeolaíoch, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil agus gheilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn. Is é neartú agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir sin a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, rud atá i gcroílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Sa straitéis sin leagtar béim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail, agus tá sprioc leagtha síos ann go méadófar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht faoi 25%. Tacaíonn an tAcht le ról an Údaráis mar phríomh-gheallsealbhóir i bhforbairt réigiúnach na Gaeltachta agus tugann sé bunús reachtúil don Údarás ó thaobh an phróisis pleanála teanga de. Mar chuid den phróiseas seo tá an Ghaeltacht roinnte ina 26 Limistéar Pleanála Teanga. Tá an tÚdarás freagrach as ceanneagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

Ráiteas Misin: Forbairt Pobail agus Buanú Teanga

Ráiteas Misin:

Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú, arb í an Ghaeilge a phríomhtheanga, agus ina bhfuil caighdeán saoil den chéad scoth ar fáil, idir fhostaíocht, shochaí agus chultúr.

Bainfear amach an cuspóir seo trí na téamaí seo a leanúint:

Cumasú

“Ag cur deiseanna agus acmhainní ar fáil do dhaoine, don phobal agus do ghnóthaí chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh”

Neartú

“Ag láidriú agus ag treisiú an bhonneagair dhaonna, teanga, cultúir, eacnamaíochta agus pobail sa Gaeltacht”

Inbhuanaitheacht

“Ag tacú le forbairt na gceantar Gaeltachta ar bhealach atá seasmhach agus airdeallach ar an timpeallacht chultúir, eacnamaíochta agus ar an gcomhshaol ina maireann muid”


Is iad luachanna na heagraíochta ná:

- Uaillmhian agus ceannaireacht a léiriú i gcur chun cinn na Gaeltachta
- Cur chuige forbartha inbhuanaithe a ghlacadh atá fréamhaithe sa teanga
- Feidhmiú le hionracas, trédhearcacht agus freagracht i ngníomhaíochtaí na heagraíochta
- Comhghuaillíochtaí agus páirtíochtaí a chruthú a théann chun leasa na Gaeltachta agus na Gaeilge
- Bealaí nuálacha a aimsiú le seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha

Custaiméirí

Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí, ag straitéisí agus ag polasaithe Údarás na Gaeltachta ar dhaoine, ar phobail, agus ar eagraíochtaí éagsúla.

Áirítear na daoine, na heagraíochtaí agus na grúpaí ar fad a bhfuil teagmháil acu le hÚdarás na Gaeltachta nuair a dhéantar tagairt don 'chustaiméir' sa doiciméad seo, ina measc (ach ní teoranta do) an tAire, an tAire Stáit agus feidhmeannaigh na Roinne, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Rannaí Rialtais eile agus a gcuid Airí, Airí Stáit agus feidhmeannach, Gníomhaireachtaí Stáit eile, Pobal na Gaeltachta, eagrais forbartha pobail, eagrais teangabhunaithe, cliaint na heagraíochta, tionóntaí na heagraíochta agus foireann na heagraíochta.



Cad is Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ann?

Is í aidhm an doiciméid seo an caighdeán seirbhíse is mian le hÚdarás na Gaeltachta a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí ar fad a mhíniú. Tá na 12 phrionsabal threoracha sa doiciméad ag teacht le polasaí an stáit maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus is cuid de dhualgas Údarás na Gaeltachta mar eagraíocht phoiblí an doiciméad seo a fhoilsiú. Is í aidhm na heagraíochta i gcónaí seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do gach uile chustaiméir agus tá sé de dhualgas ar gach ball foirne san eagraíocht na treoirlínte seo a leanúint chuige sin.

Cairt Custaiméirí

Tá Cairt Custaiméirí foilsithe ag Údarás na Gaeltachta a thugann eolas do chustaiméirí ar an gcaighdeán seirbhíse a theastaíonn uainn a bhaint amach agus muid ag freastal ar éilimh agus ar iarratais ó chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha. Tá an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí fréamhaithe sna caighdeáin sin. Is féidir teacht ar Chairt na gCustaiméirí ar ár suíomh gréasáin (<https://udaras.ie/faoin-udaras/rialachas-corparaideach/cairtcustaimoiri/>) agus bíonn sé ar taispeáint inár n-oifigí poiblí.

B An Plean Gníomhaíochta

Tá an tÚdarás tiomanta do phrionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí a chur chun cinn, ag cur tuilleadh feabhais dá réir ar leibhéal ár seirbhíse dár gcustaiméirí.

1. Caighdeáin Seirbhíse Ardchaighdeáin

Prionsabal

Ráiteas (Cairt Chustaiméirí) a fhoilsiú ina dtugtar cuntas ar chineál agus ar cháilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leis, agus é a thaispeáint go feiceálach ag pointe an tsoláthair seirbhíse

Gníomh

Cinntiú go bhfuil fáil phoiblí ar Chairt Chustaiméirí Údarás na Gaeltachta

Cinntiú go gcuirfear seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil do gach custaiméir

Monatóireacht rialta a dhéanamh ar chaighdeáin seirbhíse na heagraíochta agus athruithe a dhéanamh más gá

Táscaire

Cairt Custaiméirí le feiceáil go soiléir ar shuíomh idirlín agus in oifigí Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie

Gach ball foirne ar an eolas faoin dualgas atá orthu i leith seirbhíse ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
Aiseolas iarrtha go rialta ó chustaiméirí agus gníomhaithe ina leith más gá

Athbhreithniú rialta déanta ar chaighdeáin seirbhíse.

2. Comhionannas & Éagsúlacht

Prionsabail

Na cearta i dtaobh caitheamh cothrom a bhunaítear sa reachtaíocht chomhionannais, agus freastal ar éagsúlacht, chun cur le comhionannas do na grúpaí atá cumhdaithe ag an reachtaíocht chomhionannais (ar fhorais inscne, stádais pósta, stádais teaghlaigh, ghnéaschlaonta, chreidimh reiligiúnaigh, aoise, mhíchumais, chineáil agus bhallraíochta de Phobal an Luchta Siúil).

Bacainní ar rochtain ar sheirbhísí a shainaithint agus tabhairt faoina mbaint de sheirbhísí atá thíos leis an mbochtaineacht agus eisiaimh sóisialta, agus dóibh siúd a bhfuil bacainní geografacha rompu i dtaobh seirbhísí.

Gníomh

Déileáil le gach custaiméir agus comhghleacaí ar bhonn cothrom

Prionsabail chomhionannais agus éagsúlachta a chur chun cinn go mbeidh siad lárnach san eagraíocht

Monatóireacht rialta a dhéanamh ar chúrsaí chomhionannais agus éagsúlachta

Táscaire

Foireann ar an eolas faoi phrionsabail chomhionannais agus éagsúlachta. Aiseolas faighte agus gníomhaithe ina leith más gá. Freastal déanta ar dhaoine le riachtanais speisialta nó ar dhaoine faoi mhíchumas

Gach reachtaíocht agus polasaí a bhaineann le hábhar a bheith leanta go daingean (*An tAcht um Chomhionannas, An tAcht um Míchumas srl.*). Atmaisféar fáilteach agus oscailte san eagraíocht.

Aiseolas glactha agus tuilleadh oiliúna curtha ar fáil más gá

3. Rochtain Fhisiciúil

Prionsabal

Oifigí glana inrochtana poiblí a sholáthar a chinntíonn príobháideachtas, a chomhlíonann na caighdeáin ghairme agus sábháilteachta agus, mar chuid de seo, a éascaíonn rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile a bhfuil riachtanais shonracha eile acu

Gníomh

Cinntiú go bhfuil oifigí Údarás na Gaeltachta inrochtana

Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta feiceálach, chun dáta, agus i bhfeidhm in oifigí Údarás na Gaeltachta

Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chaighdeán na n-oifigí

Cinntiú nach gcuireann bacainní tíreolaíochta isteach ar rochtain a fháil ar sheirbhísí Údarás na Gaeltachta

Táscaire

Foirgnimh an Údaráis a bheith oiriúnach do chathaoireacha rothaí nó do dhaoine le deacrachtaí siúil agus gluaiseachta. Leithris inrochtana curtha ar fáil. Riachtanais daoine faoi mhíchumas a bheith san áireamh in aon leathnúchán a dhéanfaí ar oifigí

Ráitis agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta le feiceáil go soiléir in oifigí do chuairoteoirí agus don fhoireann. Foireann ar an eolas faoi nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta

Oifigí ar fad Údarás na Gaeltachta a bheith glan, feidhmiúil agus ag teacht le caighdeáin sábháilteachta agus ghairme.

Freastal déanta ar gach custaiméir gan tionchar ag an áit a bhfuil siad lonnaithe go tíreolaíoch

4. Faisnéis

Prionsabal

Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun faisnéis a sholáthar atá soiléir, tráthúil agus cruinn, atá ar fáil ag gach pointe teagmhála, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu. A chinntiú go mbaintear leas iomlán as an bhféidearthacht a chruthaíonn Teicneolaíocht Faisnéise agus go leanann an fhaisnéis atá ar fáil ar láithreáin ghréasáin seirbhíse poiblí na treoirlínte maidir le foilseacháin ghréasáin.

Leanúint leis an bhfeachtas chun rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga faisnéise agus nósanna imeachta a shimpliú.

Gníomh

Eolas a chur ar fáil ar bhealach soiléir, tráthúil, caoithiúil faoi obair agus faoi ghníomhaíochtaí Údarás na Gaeltachta i bhfoirm leictreonach agus chlóite

Eolas pearsanta a láimhseáil go cúramach, go rúnda, agus de réir na reachtaíochta agus na bpolasaithe cuí, agus an fhoireann a bheith ar an eolas faoi na dualgais atá orthu ina leith sin

Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise/ Cosaint Sonraí agus Rochtain faoin gComhshaoil a láimhseáil go cúramach agus de réir an reachtaíochta cuí.

Caidreamh leis an bpobal a chothú i mbealach gníomhach agus sonraí teagmhála na heagraíochta a chur ar fáil go forleathan

Táscaire

Eolas curtha ar fáil faoi réimse leathan gnéithe d'obair Údarás na Gaeltachta i mbealach soléite agus é suas chun dáta agus ar fáil i bhfoirm chlóite agus leictreonach

Gach riachtanas reachtúil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí comhlíonta. Gach ball foirne feasach ar chúrsaí cosanta sonraí

Gach ball foirne feasach ar chúrsaí cosanta sonraí.

Na riachtanais reachtúla faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus Rialacháin um Rochtain faoin gComhshaoil comhlíonta. Foilsítear ar líne eolas neamhphearsanta/neamhphríobháideach faoi iarratais an Acht um Shaoráil Faisnéise a fhaigheann Údarás na Gaeltachta.

Fáil ag an bpobal ar eolas faoi Údarás na Gaeltachta ar a mhéid láithreán agus is féidir agus sonraí teagmhála na heagraíochta le feiceáil ar ríomhphoist, ar litreacha, ar cháipéisí srl.

5. Poncúlacht & Cúirtéis

Prionsabal

Seirbhísí d'ardchaighdeáin a sholáthar le cúirtéis, íogaíreacht agus a laghad moille orthu, aeráid chóimheasa a chothú idir an soláthraí agus an custaiméir. Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid le héascaíocht idirbheart leanúnach a chinntiú.

Gníomh

Seirbhís leanúnach a chinntiú don chustaiméir agus teagmháil leanúnach a éascú

Seirbhís mheasúil, chabhrach agus phras a chur ar fáil

Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol (AIE) agus Cosaint Sonraí, chomh maith le teagmháil ghinearálta, a phróiseáil gan mhoill

Táscaire

Ainm an duine a fhreagraíonn an guthán tugtha don chustaiméir. Sonraí teagmhála tugtha i sínithe ríomhphoist. Fógra uathoibríoch socruithe ag baill foirne atá as láthair.

Eolas ag an bhfoireann faoin gcaoi le déileáil le teagmhálacha inmheánacha agus seachtracha.

An guthán freagartha go pras agus teachtaireacht tógtha muna bhfuil baill foirne eile a theastaíonn ar fáil.

Freagra a chur ar fáil laistigh den sprioc ama atá luaite i gCairt Custaiméirí.

Freagra iomlán ar 80% den chomhfhreagras tugtha taobh istigh de 20 lá oibre. I gcás FOI agus AIE, gach riachtanas reachtaíochta comhlíonta.

6. Gearáin

Prionsabal

Córas a choimeád atá deá-phoiblithe, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid chun déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Gníomh

Cinntiú go bhfuil fáil éasca ag custaiméirí ar nós imeachta do ghearáin na heagraíochta

Déileáil le haon ghearán a dhéantar go múinte agus go sciobtha agus gach iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach más féidir agus i gcomhair le cairt custaiméirí na heagraíochta

Monatóireacht a dhéanamh ar aon ghearáin a fhaightear agus athruithe a chur i bhfeidhm más gá

Táscaire

Nós imeachta do ghearáin le feiceáil go soiléir ar shuíomh idirlín na heagraíochta agus in aon cháipéisí cuí

Admháil go bhfuarthas gearán seolta laistigh de chúig lá agus próiseáilte laistigh de 20 lá oibre. Foireann ar an eolas faoin gcaoi le déileáil le gearáin agus na nósanna imeachta sin i bhfeidhm

Gearáin a rinneadh san áireamh i gcinnteoireacht na heagraíochta

7. Achomhairc

Prionsabal

Ar an gcuma chéanna, córas a choimeád atá foirmiúil, dea-phoiblithe, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid d'achomharc/athbhreithniú do chustaiméirí atá míshásta le cinntí maidir le seirbhísí.

Gníomh

Cinntiú go bhfuil custaiméirí ar an eolas faoi na roghanna atá acu mura bhfuiltear sásta faoi chinneadh atá déanta ag Údarás na Gaeltachta

Táscaire

Eolas curtha ar fáil d'aon chustaiméir nach bhfuil sásta le caighdeán seirbhíse faoi conas achomharc a dhéanamh san eagraíocht féin agus lasmuigh de, más gá

8. Comhairliúchán & Meastóireacht

Prionsabal

Cur chuige struchtúrach a sholáthar i leith comhairliúchán bríoch a dhéanamh le, agus rannpháirtíocht ag an custaiméir maidir le forbairt, soláthar agus athbhreithniú seirbhísí. A chinntiú go ndéantar meastóireacht bhríoch ar sholáthar seirbhíse.

Gníomh

Fáilte a chur roimh mholtaí i dtaobh chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí

Táscaire

Aiseolas custaiméirí ar sheirbhísí lorgtha agus glactha nuair is cuí

Tuairimí custaiméirí a chur san áireamh nuair a dhéantar athbhreithniú ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh, chomh fada agus is féidir

Deis tugtha do chustaiméirí a dtuairimí maidir le forbairt, le soláthar agus le hathbhreithniú seirbhísí a thabhairt nuair is cuí

9. Rogha

Prionsabal

Rogha a thabhairt, sa chás gur indéanta, sa soláthar seirbhíse, modhanna íocaíochta, láthair pointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta ina measc. Teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn a úsáid le rochtain agus rogha agus caighdeán soláthair a chinntiú.

Gníomh

Deis a thabhairt do chustaiméirí teagmháil agus gnó a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta cibé bealach is feiliúnaí dóibh

Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nuair is féidir chun seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil agus rogha níos mó a thabhairt do chustaiméirí

Táscaire

Rogha leathan tugtha do chustaiméirí maidir le soláthar seirbhíse, modhanna íocaíochta, láthair pointí teagmhála, modhanna teagmhála, srl.

Teicneolaíochtaí úsáidte chun leasa an chustaiméara, go háirithe ó thaobh rogha, rochtain agus caighdeán a fheabhsú

10. Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

Prionsabal

Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas ar an gceart atá acu a roghnú go ndéileálfar leo trí theanga oifigiúil amháin nó trí theangacha oifigiúla eile. Is í an Ghaeilge teanga réamhshocraithe na heagraíochta agus seirbhísí á gcur ar fáil.

Gníomh

Freastal ar chustaiméirí i mBéarla más gá agus iad a chur ar an eolas go bhfuil rogha acu i leith na teanga oifigiúla a úsáideann siad ina gcuid gnó leis an Údarás

Fáilte ar leith a thabhairt do ghnó i nGaeilge agus an Ghaeilge a chur chun cinn ach freastal ar iarratais do ghnó i mBéarla nuair is féidir é sin a dhéanamh nó nuair is gá é sin a dhéanamh.

Táscaire

Custaiméirí feasach go bhfuil rogha acu an Ghaeilge nó an Béarla a úsáid agus iad ag plé le hÚdarás na Gaeltachta

Dualgais na heagraíochta a leagtar síos in *Acht na dTeangacha Oifigiúla* agus san *Acht um Údarás na Gaeltachta* comhlíonta

11. Comhordú Níos Fearr

Prionsabal

Cur chuige níos comhordaithe agus comhtháite a chothú nuair a bhíonn seirbhísí poiblí á soláthar.

Gníomh

Leanúint le caidreamh leanúnach agus láidir a chothú le heagraíochtaí poiblí eile agus le Ranna Stáit

Páirt ghníomhach a ghlacadh i ngréasáin idir-eagraíochta agus eolas a roinnt nuair is cuí

Táscaire

Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile ag obair as lámh a chéile

Cur chuige comhordaithe in aon obair a dhéantar le heagraíochtaí eile ar mhaithe le spriocanna aontaithe a bhaint amach

12. Custaiméirí Inmheánacha

Prionsabal

A chinntiú go n-aithnítear an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtacaítear i gceart leo agus go dtéitear i gcomhairle leo i dtaobh saincheisteanna soláthair seirbhíse.

Gníomh

Cinntiú go n-aithnítear an fhoireann inmheánach mar chustaiméirí inmheánacha agus cinntiú go bhfreastalaítear ar a chéile de réir na bprionsabal céanna a leagtar amach thuas do gach custaiméir.

Polasaí *Dínit san Ionad Oibre*, polasaithe comhionannais agus éagsúlachta, agus aon pholasaithe agus reachtaíocht eile chuí a bhaineann le hiompar san ionad oibre a chur i bhfeidhm

Oiliúint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil don fhoireann i réimsí éagsúla

Táscaire

Foireann a thacaíonn le chéile i spiorad an chomhoibrithe agus a chaitheann lena chéile le meas, suáilceas, cúirtéis srl.

Foireann a iompraíonn i mbealach atá ag teacht le polasaithe comhionannais agus éagsúlachta, polasaí *Dínit san Ionad Oibre* agus polasaithe eile cuí

Oiliúint curtha ar fáil don fhoireann agus iad oilte i réimsí éagsúla agus ar an eolas faoina ndualgas agus faoina gcearta

C Tuilleadh Eolais

An Ardoifig/Oifig Réigiúnach Chonnacht/Laighean,

Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22. +353 91 503 100 eolas@udaras.ie

Oifig Réigiúnach an Deiscirt, Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

+353 66 9150 100 ciarrai@udaras.ie

Oifig Réigiúnach an Tuaiscirt, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall, F92 EO9T.

+353 74 9560 100 dnag@udaras.ie

Oifig Chorcaí, Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre, Baile Mhic Íre, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 E277.

+353 26 453 66 corcaigh@udaras.ie

Oifig Mhaigh Eo, An Áislann, Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F62 W5H0.

+353 97 814 18 maighéo@udaras.ie

Má tá gearán le déanamh faoi chaighdeán seirbhíse a fuair tú déan teagmháil le:

An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22.

+353 91 503 100 runai@udaras.ie

Sa chás go bhfuil gearán á dhéanamh faoin Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha déan teagmháil le:

An Príomhfheidhmeanach, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22.

+353 91 503 100 pf@udaras.ie

Má tá iarratas le déanamh agat faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI) déan teagmháil le:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22.

+353 91 503 100 asf@udaras.ie

Má tá iarratas le déanamh agat faoin Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) déan teagmháil le:

An tOifigeach Faisnéise, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22.

+353 91 503 100 asf@udaras.ie

Má tá iarratas le déanamh agat maidir le Cosaint Sonraí déan teagmháil le:

An tOifigeach um Chosaint Sonraí, Údarás na Gaeltachta Na Forbacha, Co. na Gaillimhe,

H91 TY22. +353 91 503 100 acs@udaras.ie

Oifig an Ombudsman, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

+353 1 639 5600 info@ombudsman.ie